



Tuarascáil Bhliantúil 2014



An Gníomhaireacht Airgeadais
d'Fhorbairt Náisiúnta

Cláir Ábhair

NDFA – Feidhmeanna	4
Forbhreathnú	6
Maoiniú Fiachais Infrastruchtúir	8
Dul chun cinn ar thionscadail ar a ghníomhaíonn NDFA:	
Mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais & Bainisteoir Conartha	12
Mar Comhairleoir Airgeadais	22
Rialachas	30
Guisíní	
Liosta d'Údaráis Náisiúnta	32
Ráitis Airgeadais	33



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

19 Meitheamh 2015

An tUasal Mícheál Ó Nuanáin,
An tAire Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Faoi fhorálacha an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú), 2014, mar ar cuireadh tús le S.I. 22 de 2015, scaoileadh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ar 27 Eanáir 2015 agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an GBCN. Faoin Acht sin, tá an GBCN freagrach as an Tuarascáil Deiridh agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais chomh maith.

Is mór mar sin, an onóir dom an Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas,

Willie Walsh

Cathaoirleach

Treasury Building, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2 | Grand Canal Street, Dublin 2
T: (+353 1) 2384000 | www.ntma.ie | Swift: NTMAIE2D

Baill Den Bhord



Conor O'Kelly*

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



John Corrigan*

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmeannach
Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta



Gerry Murray

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúid
Teicneolaíochta na hÉireann



Petrina Smyth

Comhpháirtí Cánach,
Dlíghnólacht Walkers Ireland



Robert Watt

Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí
agus Athchóirithe

* John C. Corrigan – Cathaoirleach (ex-officio) (Scortha 4 Eanáir 2015)
Conor O'Kelly – Cathaoirleach (ex-officio) (Ceaptha 5 Eanáir 2015)

Bhuail an Bord le chéile ar 5 eachtra le linn na tréimhse

Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais Feidhmeanna

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) ar 1 Eanáir 2003 chun Údaráis Stáit a chomhairliú ar an maoiniú optamach agus bainistíocht riosca gaolmhar ar thionscadail infheistíochta poiblí trí chaighdeán tráchtála a fheidhmiú i measúnú a dhéanamh ar rioscaí airgeadais agus costais. Is é cuspóir sáraitheach an NDFA i gcomhairle airgeadais saineolaíoch a sholáthar do Ranna Rialtais agus Áisíneachtaí Stáit ná luach ar airgead a uasmhéadú don Státchiste.

Cuimsíonn ról an NDFA comhairle a thabhairt ar na gnéithe airgeadais agus measúnú riosca ar thionscadail Cómhpháirtíochta Phríobháideacha Poiblí (CPP) ar nós infrastruchtúir bóthair, iarnróid agus sóisialta.

In Iúil 2005, bhunaigh an NDFA Lárionad Saineolais do sholáthair tionscadail CPP. Níor chuir sé seo CPPanna sna hearnála taistil agus údaráis áitiúla san áireamh.

I ndiaidh aistrithe foirmeálta leis an Údarás Ceadaithe/Áisíneacht Urraithe, tá an NDFA freagrach as na gnéithe ar fad de sheachadadh soláthair tionscadail bainteacha. Aistrítear tionscadail CPP críochnaithe chuig Ranna bainteacha nuair atá tógáil críochnaithe agus nuair atá an tsócmhainn oibríochtúil.

Leanann Ranna/Áisíneachtaí urraithe a bheith freagrach as na gnéithe ar fad de mheasúnú agus faomhadh tionscadail, ag cuimsiú an cinneadh an tionscadal a sholáthair mar CPP, socrú buiséid tionscadail, sonruithe aschur, riachtanais seirbhíse eile agus chomhaontú ar Thagarmharc na hEarnála Poiblí (TEP), a chuirtear le chéile le cúnamh an NDFA. Nuair a aistrítear é tá an NDFA freagrach as tionscadail a sholáthar laistigh de na paraiméadair leagtha amach leis an roinn/áisíneacht urraithe agus sainmhínithe sa litir aistrithe foirmeálta.

In 2013, síníodh feidhmeanna an NDFA amach chun foráil bhainistíocht conartha ar oibríochtaí agus cothabháil scoileanna CPP oibríochtúla áirithe a chuimsiú, agus soláthar díreach tionscadail Státchiste-maoinithe thar cheann an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Cumasaíonn an múnla soláthair agus seachadta tionscadail bunaithe laistigh den NDFA don nGníomhaireacht cur chuige tráchtála comhaontaithe a thabhairt do sholáthar agus bainistíocht tionscadail ar thionscadail na hearnála poiblí nua, Comhpháirtnéireachtaí Príobháideacha Poiblí san áireamh.

Suas go 27 Eanáir 2015, bhí a bord féin ag an NDFA agus rinne sé a chuid feidhmeanna tríd an GBCN. Ar an dáta sin, scaoileadh an NDFA agus aistríodh a fheidhmeanna chuig an GBCN a leanfaidh ar aghaidh ag úsáid branda an NDFA chun na sainorduithe reachtúla éagsúla aistrithe ón NDFA a chomhlíonadh.

Cuimsíonn na seirbhísí lárnacha a sholáthraíonn an NDFA d'Údaráis Stáit:

1. Seirbhísí Comhairliúcháin Airgeadais

- comhairle airgeadais, riosca agus árachais;
- ullmhú Tagarmharcanna na hEarnála Poiblí (is costáilcuimsitheach, coigeartaithe de réir riosca, lánsaoil tionscadail é an TEP faoi choinníollacha soláthar, léirithe mar fhigiúr airgeadaíoch singil);
- measúnú tairiscinte;
- tiomsú airgis CPP;
- measúnaithe luach ar airgead;
- teagmháil, idirbheartaíocht agus socrú maoiniú fiachais ilghnéitheach ó ghníomhaireachtaí iltaobhacha, mar sh. BCE agus CEB;
- comhairle airgeadais ar CPPanna oibríochtúla; agus
- comhairle ilghnéitheach d'údaráis Stáit ar abháir airgeadais comhcheangailte le hinfeistíochtaí caipitil poiblí.





Dearadh Ailtire Beart 5 Scoileanna CPP, Ceatharlach

2. CPP agus Seachadadh Tionscadail Traidisiúnta

- riachtanais úsáideoir deiridh agus costais ionchur PSB a chomhordú;
- doiciméid tairiscinte agus conartha a ullmú;
- an próiseas soláthair poiblí a bhainistiú;
- seiceáil comhlíonadh agus measúnú tairiscintí;
- roghnú tairiscintí roghnaithe agus rathúla;
- idirbheartaíochtaí conartha agus nósanna imeachta bronnta;
- conarthaí CPP a shíniú thar cheann Údaráis Stáit;
- monatóireacht díreach ar thógáil tionscadail agus riarachán an chonartha mar Ionadaí Chliaint/Údaráis go dtí críochnú tógála; agus
- tabhairt ar ais an saoráid don Údarás Stáit thar idirthréimhse céimithe.

3. Riarachán Conartha CPP (Tréimhse Seirbhísí)

- bainistíocht iar-aistrithe ar chonarthaí Scoileanna CPP (Scoileanna Píolótacha agus Bearta CPP 1, 2 agus 3) thar ceann an Roinn Oideachais & Scileanna;
- seiceáil agus faomhadh sonrasc míosúla ó chuideachtaí CPP agus measúnú ar asbhaintí/píonóis;
- iniúchtaí tréimhsiúla ar chórais gnó chuideachtaí CPP;
- athbhreithniú ar chuntais bhliantúla chuideachtaí CPP;
- teagmháil le foirne bainistíochta scoile agus an Roinn Oideachais & Scileanna ar fheidhmíocht na gconartha CPP; agus
- comhaontú ar chláir cothabhála bliantúla agus pleananna soláthair seirbhísí (chun riachtanais conartha a bhaint amach).



Agus a dhualgais á chomhlíonadh, ní mór don NDFA aird a bheith acu ar an gcomhairle agus na treoracha eisithe ag na hAirí Airgeadais agus Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta poiblí, go háirithe an *Creatlach um Chomhpháirtíochtaí Phríobháideacha Phoiblí* (2001), *Treoirlínte do Bhreithmheas agus Bainistíocht ar Thairiscintí Caiteachais Caipitil san Earnáil Poiblí* (2005), an *Creatlach Náisiúnta Soláthar Polasaí* (2005), na *Treoirlínte do Sholáthar Infrastruchtúir agus Infheistíochtaí Chaipitil trí Chomhpháirtíochtaí Phríobháideacha Phoiblí* (2006), na *Treoirlíne d'Údaráis Stáit maidir le Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais* (2007), *An Cód Caiteachais Phoiblí agus Conarthaí agus Treoir faoin gCreatlach Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla*.

Forbhreathnú

I 2014, b'é an eochair-spríoc straitéiseach an NDFA ná leanúint ar aghaidh seachadadh an Chláir Spreagtha Infrastruchtúir fógartha ag an Rialtas in Iúil 2012 (tionscadail CPP cóiríochta agus bóithre) a fhorchéimniú i gcoinne an chláir ama uailmhianaigh leagtha amach don mhargadh i Márta 2013.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na tionscadail CPP laistigh den Chlár Spreagtha Infrastruchtúir. Tá an NDFA freagrach as trí thionscadal CPP (campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin, Scoileanna CPP Bearta 4 agus 5), tionscadal Sláinte CPP (Clár CPP Lárionaid Cúram Príomhúla) agus tionscadal Ceartas CPP amháin (Clár Cúirteanna Beart CPP) a sheachadadh, le luach caipitil measta de c. €650 milliúin. Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (UBN) freagrach as tionscadail CPP éagsúla a sholáthar, ag suimiú do c. €750 milliúin. Tá an NDFA mar chomhairleoir airgeadais thar an chlár CPP ar fad.

Cuimsíonn eochaireachtraí ar thionscadail CPP in 2014:

- Shroic an **tionscadal CPP N17/N18 bóthair** (stráice mótarbhealaigh i gCo.na Gaillimhe) deireadh airgeadais in Aibreán 2014 agus tá foirgníocht ar siúl. B'é seo an chéad CPP Éireannach a chuimsigh maoiniú fiachais infheisteora institiúidigh ó thús na géarcheime airgeadais i 2008 agus roghnaíodh é Beart Eorpach CPP na Bliana ag na Dámhachtainí Airegeadais Tionscadail Idirnáisiúnta 2014. (Bhí an NDFA mar chomhairleoir airgeadais)
- Críochnaíodh tógáil **Beart 3 Scoileanna CPP** – ag soláthar iomlán de 5,700 áit scoile ag ocht gcinn de scoileanna i nDún na nGall, Gaillimh, Liatroim, Luimneach, san Iarmhí, Port Láirge agus Loch Garman in am agus ar bhuiséad in Aibreán 2014. (Bhí an NDFA mar údarás soláthair agus comhairleoir airgeadais).
- D'oscail an **tionscadal bóthair N7 Crois an Fhearainn Nua CPP** do thrácht i mí na Samhna 2014, trí mhí roimh sceideal. Tá an chuid N11 den tionscadal seo ar sceideal do sheachadadh in 2015. (Bhí an NDFA mar chomhairleoir airgeadais).
- Baineadh amach deireadh airgeadais ar **Bheart 4 Scoileanna CPP** – ag soláthar 3,000 áit scoile ag 4 scoil sa Chlár, i gCorcaigh, i gContae Lú agus i dTiobraid Árann – ar 22 Nollaig 2014 le tógáil ag tosú amach go luath ina dhiaidh sin. (Tá an NDFA mar údarás soláthair agus comhairleoir airgeadais).

Tá soláthar i bhfad chun cinn ar na tionscadail CPP eile ar a bhfuil an NDFA mar údarás soláthair agus comhairleoir airgeadais araon:

- **Campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin** – Ceapadh Forthairgeoir roghnaithe agus táthar ag siúl le deireadh airgeadais in 2016. I Márta 2015, cuireadh tús

le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne an GBCN agus an tAire Oideachais agus Scileanna maidir leis an gcomórtas soláthair phoiblí don tionscadal seo. Tá an GBCN agus an tAire á chosaint na himeachtaí.

- **Clár CPP Ionaid Cúram Príomhúla** – Ceapadh an Forthairgeoir roghnaithe agus táthar ag siúl le deireadh airgeadais i C4 2015.
- **Beart Cúirteanna CPP** – Ceapadh an Forthairgeoir roghnaithe agus táthar ag siúl le deireadh airgeadais i C4 2015.
- **Beart 5 Scoileanna CPP** – Iarratas ar Thairiscintí, táthar ag siúl le tairiscintí C2 2015.

Tá an NDFA ag soláthar comhairle airgeadais don UBN ar na tionscadail a leanas atá i soláthar faoi láthair:

- **M11 Guaire / Inis Córthaidh** – Ceapadh Forthairgeoir roghnaithe, táthar ag siúl le deireadh airgeadais i C3 2015.
- **N25 seachbhóthair Ros Mhic Thriúin** – Ceapadh an Forthairgeoir roghnaithe, táthar ag siúl le deireadh airgeadais i C3 2015.
- **Ionaid seirbhíse Mótarbhealaigh Tranche 2** – Fuarthas tairiscintí i C1 2015, táthar ag siúl le deireadh airgeadais i C3 2015.


Anuas ar sin, tá an NDFA ag soláthar comhairle don Ghníomhaireacht Soláthair Iarnróid (GSI) ar an tionscadal Luas Thar-Cathrach (Nasc Lár na Cathrach).

Beidh conarthaí CPP ar fad 'infhaighteacht-bunaithe' nuair a bhraitheann íocaíocht don CPP Co. ar fhoráil áiseanna agus seirbhísí do chaighdeán sainmhínithe le haisbhaintí airgeadais á thabhdú do neamhinfaighteacht agus teipeanna feidhmíochta seirbhíse.

Ar leithligh, tá an NDFA ag seachadadh 15 tionscadal scoileanna neamh CPP le comhluach de c. €80 milliúin thar cheann an Roinn Oideachais agus Scileanna. Bronnadh trí chonartha "Dear & Tógáil" ag tús 2014, tá tógáil ag dul ar aghaidh ar na láithreáin ar fad agus tá sé ar sceideal le bheith críochnaithe in 2015.

Mar chuid de thionscnamh ar fud an chláir le Fiontraíocht Éireann, reachtáladh sraith eachtraí "Buail leis an gCeannaitheoir" ar fud na tíre ag ofráil na deise d'fhiontair bheaga- agus meán-mhéide bualadh go díreach le tairgeoirí gearrliostaithe do na tionscadail éagsúla. D'fhreastal níos mó ná 950 ionadaí ó FBManna ar 4 eachtra reachtáilte ag suíomhanna difriúla in 2014 agus 2015. B'eochairghné é "zón fiontair" le tacaíocht ofráilte ag Boird Fhiontair áitiúla agus chontae agus le hIntreo (seirbhís fiontair na Roinne Coimirce Sóisialaí) ag na heachtraí. Reachtálfar eachtraí eile in 2015 i gcónasc leis an gClár Spreagtha.

Suíomhanna Tionscadail



-  1. An Chéad, an Dara, agus an Tríú Beart Scoileanna CPP
-  2. An Ceathrú agus an Cúigiú Beart Scoileanna CPP
-  3. Clár CPP Ionaid Chúraim Phríomhúil
-  4. Clár CPP Bheart na gCúirteanna
-  5. Clár Tógála Scoileanna Déabhlóidithe
-  6. Campas DIT agus Gráinseach Gormáin

Maoiniú Fiachais Infrastruchtúir

Chothaigh an NDFA a ghníomhaíocht le linn 2014 le maoinitheoirí iltaobhacha ar nós Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (BIE) chun infhaighteacht maoinithe cost-éifeachtúil d'infrastruchtúir Éireannach a uasmhéadú.

Leanann an NDFA uirthí teagmháil leis an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais chun slite a fháil an próiseas CPP a luathú agus urraitheoirí agus infheisteoirí tionscadail nua a tharraingt.



Amharc ón Aer do Champas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin

Droichead Suir, N25, Port Láirge



An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta Tuarascáil Bhliantúil 2014

Banc Infheistíochta na hEorpa

Sholáthraigh an NDFA comhairle airgeadais don Rialtas i bhforáil an BIE d'iasacht dhíreach de €150m don Státchiste chun an Tionscadal Thar Cathrach Luas atá á fhorbairt ag an nGníomhaireacht Soláthair Iarnróid. Síníodh an maoiniú go foirmeálta i Márta 2014.

In 2012, chomhaontaigh an BIE €200 milliúin a sholáthar chun tacú le feabhsuithe i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce na hÉireann (CISU) trí 23 tionscadal a mhaoiniú i mBaile Átha Cliath agus 10 gcontae ar fud na tíre chun príomhlíonraí uisce, saoráidí cóireála uisce agus dramhuisce agus tascumair, chomh maith le bearta chun caomhnú uisce a fheabhsú. I mí Dheireadh Fómhair, sholáthraigh an BIE iasacht díreach de €100 milliúin don Státchiste chun an dara tranche de na tionscadail seo a mhaoiniú. Bainistíonn GBCN iasachtú dhíreach BIE don Státchiste.

In 2014, mhéadaigh an BIE a iasachtú in Éirinn le 37% agus sholáthraigh sé iomlán de €932 milliúin d'ocht gcinn de thionscadail nua, ag cuimsiú tacaíochta do bhóithre nua, títhíocht sóisialta, infheistíocht ollscoile, fuinneamh, teileachumarsáid agus infheistíocht in FBManna. Leanann sé seo méadú de 11% in iasachtú in Éirinn, ag suimiú go €680 milliúin, ag BIE in 2013.

Do CPPanna, nuair atá an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don UBN, sholáthraigh an BIE €144 milliúin de mhaoiniú fiachais don tionscadal CPP bóithre N17/N18 (Aibreán 2014).

Tá an tionscadal CPP N25 seachbhóthair Ros Mhic Thriúin ag baint tairbhe as **Bannaí Tionscadail Feabhsú Creidmheasa BIE (BTFC)**. Cumasaíonn an tionscnamh seo don BIE tionscadail infrastuchtúir incháilithe le BTFC a sholáthar i bhfoirm ionstraim fo-ordaithe – ceachtar iasacht nó saoráid teagmhasach – chun tacú le bannaí tionscadail sinsearach a d'eisigh cuideachta tionscadail. Is é príomhbhuntaiste an BTFC ná an feabhsú a thugann sé do rátáil chreidmheasa bhanna shinsearach. Is é cuspóir an tionscnaimh ná rochtain ar fhoinsí airgeadais a fhairstingíú agus costais mhaoinithe iomlán a íoslaghdú.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, i ndiaidh díospóireachtaí ceannasaithe ag an NDFA, fuarthas “faomhadh i bprionsabal” ó Bhord an BIE do suas go 50% den mhaoiniú fiachais sinsearach le soláthar don fhorthairgeoir rathúil don Tionscadal CPP Campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin. Ceapadh an fhorthairgeoir rathúil i Márta 2015 agus cuireadh tús le díospóireachtaí le maoinitheoirí féideartha, BIE san áireamh.

Anuas ar sin, fuarthas “faomhadh i bprionsabal” ó Bord an BIE in Aibreán 2015 do suas go 50% den mhaoiniú fiachais sinsearach le bheith foráilte don fhorthairgeoir ráthúil don tionscadal CPP Ionaid Cúraim Príomhúla, a ceapadh i mBealtaine 2015. Tá an tionscadal seo ar an gcéad ceann as ceithre cinn curtha in áirithe do mhaoiniú a fháil tríd an **Ciste Eorpach um Infheistíocht Straitéiseach (CEIS)**, tionscamh idir an Coimisiún Eorpach agus an BIE, bunaithe chun fás a spreagadh agus iomaíochas na hEorpa a fheabhsú.



Síniú Conartha BIE, Deireadh Fómhair 2014

Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa

Leanann an NDFA ar aghaidh ag forbairt a chaidrimh leis an BCE, banc forbartha iltaobhach a dheonaíonn iasachtaí dá 41 ballstát leis an aidhm comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Soláthraíonn sé maoiniú ísealchostais do thionscadail in earnálacha sóisialta-bunaithe ag cuimsiú sláinte, oideachais, córa agus títhíochta.

In Eanáir 2014, sholáthraigh an BCE iasacht de €41 milliúin díreach don Státchiste chun suas go leath na costais chaipitiúla den Phríosún nua i gCorcaigh agus an Ionad Coinneála Páistí Náisiúnta i mBaile an Oibricigh, Co. Baile Átha Cliath a mhaoiniú. Shocraigh an NDFA an maoiniú seo i gcomhairle le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais.


Leanann an Margadh CPP Eorpach ar aghaidh ag feabhsú

In 2014, tharla feabhsú leanúnach i margadh CPP na hEorpa le luach comhiomláin d'idirbhearta ag sroicheadh deireach airgeadais a bheith €18.7 billiún, méadú de 15% ó 2013 (€16.3 billiún). Shroich 82 idirbheart CPP deireadh airgeadais sa tréimhse atá mar aon le 2013, nuair a dhún 80 idirbheart, méadú iomlán de 17% ó 2012. Is iad na húsáideoirí is mó de sholáthar CPP in aghaidh líon na gconartha ná An Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Ghearmán – leis an méid is mó bearta in aghaidh luacha in 2013 a bheith sa Ríocht Aontaithe agus san Iodáil. Bhí níos mó ná 85% de na tionscadail seo mar CPPanna "infhaighteacht-bunaithe".

Bhain 23 idirbheart le foráil fhiachais ag infheisteoirí institiúideacha (mar sh. cuideachtaí árachais, cistí pinsin) trí mhúnlaí airgeadais éagsúla. Ar an iomlán, d'iasachtaigh infheisteoirí institiúideacha c. €2.8 billiún do CPPanna Eorpacha ag aibíochtaí an-fhada (ar an meán 24 bliain). Bhí Éire ar cheann de shé thír a chur idirbheart chun deiridh ag cuimsiú fiachas infheisteoirí institiúideacha.

Léiríonn an chart seo a leanas an treocht sa mhargadh CPP san Eorap thar na 10 bliain atá thart.

Margadh CPP Eorpach 2004-2014 in aghaidh Luach & Líon. na dTionscadal



Foinse: Ionad Saineolais CPP Eorpach

Dul chun cinn ar thionscadail ar a fheidhmíonn NDFA mar Údarás Soláthair, Comhairleoir Airgeadais agus Bainisteoir Conartha

Cé go bhfuil an NDFA freagrach go dlíthiúil as soláthar tionscadail i ndiaidh fáiltais litir aistrithe foirmeálta ón Ard-Rúnaí/Oifigeach Cuntasaíochta amháin, bíonn ról an-tacúil sa phróiseas réamh-sholáthair atá ceannasaithe ag an nGníomhaireacht Urraithe ar an mbonn i ndiaidh fhógra tionscadal CPP. Cuidíonn an NDFA leis an Roinn Ceadaithe agus Urraitheoir i réimeas rialachais tionscadail cuí a bhunú, ag sainmhíniú aschuir tionscadail, ag ullmhú an TEP agus ag teorú páirtithe bainteacha go ginearálta i bhforbairt do phróiseas soláthair phoiblí láidir.



Tógáil tosaithe, Beart 4 Scoileanna CPP, Dún Dealgan, Co. Lú

Dearadh ailtire, Ionad Cúraim Phríomhúil, Tuam, Co. na Gaillimhe



Roinn Oideachais & Scileanna

Clár Scoileanna CPP

Fógraíodh an Clár Scoileanna CPP don chéad uair in 2005 le sprioc de 27 scoil pleanáilte do sheachadadh. Soláthraíonn an NDFA comhairle airgeadais don chlár agus tá sé freagrach as na gnéithe ar fad de sholáthar agus seachadadh tógála de na conarthaí CPP ar leith. Go nuige seo, seachadadh 18 scoil, ag soláthar níos mó ná 12,000 áit scoile, le luach caipitiúil comhiomlán de circa €240m, ag an NDFA i dtrí chuacha CPP ar leith. Seachadadh na tionscadail ar fad in am agus laistigh den bhuiséad. Cuimsíodh dhá bhearta CPP eile ag cuimsiú 10 scoil sa Chlár Spreagtha Infrastruchtúir, le ceann amháin i dtógáil (Beart 4 Scoileanna CPP) agus an ceann eile i soláthar (Beart 5 Scoileanna CPP).

Coláiste Áiligh, Leitir Ceanainn, Beart 3 Scoileanna CPP



I mí Dheireadh Fómhair, ar iarratas an tAire Oideachais agus Scileanna, tháinig an NDFA i gceannas ar an mbainistíocht conartha CPP ar oibríochtaí agus cothabháil 15 Scoil CPP oibríochtúla ó Bheart Scoileanna Phíolótacha CPP agus Bearta 1&2 Scoileanna CPP. Síníodh an socrú seo chun Scoileanna Píolótacha CPP 3 a chuimsiú, agus tá an NDFA ag bainistiú oibríochtaí agus cothabháil 23 scoil CPP oibríochtúil faoi láthair.

CBS Naomh Mhuire, Port Laoise, Beart 1 Scoileanna CPP



Coláiste Pobail Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh, Beart 2 Scoileanna CPP

An Chéad agus an Dara Beart Scoileanna CPP

Chuimsigh an chéad beart CPP ceithre scoil suite i Laois agus in Uíbh Fháilí. Bronnadh an conradh ar Comhpháirtíochtaí Macquarie d'Éireann i Márta 2009 le Tosú Seirbhíse bainte amach i mí Meán Fómhair 2010.

Bronnadh an conradh don dara beart de scoileanna CPP, ag cuimsiú sé scoil i gcontaetha Corcaigh, Luimneach, Cill Dara, Cill Mhantáin agus sa Mhí do Chomhpháirtíochtaí Macquarie d'Éireann i Meitheamh 2010. Bhí seachadadh scoileanna ar fad i 2011 roimh an clár.

Tríú Beart CPP Scoileanna

Chuimsigh an tríú beart CPP Scoileanna ocht gcinn de scoileanna agus chuimsigh sé comhcheangal de scoileanna nua agus scoileanna ionaid agus soláthraíonn sé lóistín do 5,700 scolaire go neasach.

Bhain an tionscadal deireadh airgeadais amach i mí na Samhna 2012 agus bronnadh an conradh do BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative. Thosaigh obair thógála ar an mbonn agus d'oscail an chéad scoil, Coláiste Áiligh, i Leitir Ceanainn ar 7 Samhain 2013, 52 seachtain i ndiaidh bhronnadh an chonartha. Críochnaíodh an scoil deireanach sa chuach, Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain, agus osclaíodh é ar 28 Aibreán 2014.

Fuair an tionscadal seo roinnt dámhachtainí ag cuimsiú an Dámhachtain Airgeadais CPP Domhanda *Tionscadal Oideachais is Fearr san Eoraip 2013* dá réiteach maoinithe nuálach a chuimsigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean; an dámhachtain RIAI 2014 *d'Ailtireacht is Fearr i dTionscadal Oideachais* do Choláiste Áiligh; agus Dámhachtainí Dearadh agus Tógáil na hÉireann Dámhachtain Foirgneamh Scoile na Bliana do Choláiste Pobail Bhaile Átha Luain.

Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain, Co na hIarmhí, Beart 3 Scoileanna CPP



An Ceathrú & an Cúigiú Beart Scoileanna

I Meitheamh 2013 foilsíodh an fógra conartha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE) don cheathrú agus don chúigiú beart CPP araon agus fuarthas sé léiriú spéise ina dhiaidh sin. Cuireadh trí fheadhnacht ar ghearrliosta ina dhiaidh sin chun doiciméid tairiscinte a fháil don dá chuacha.

Ceathrú Beart de Scoileanna CPP

Cuimsíonn an ceathrú beart de scoileanna CPP ceithre cinn de scoileanna iar-bhunscoil i gcontae an Chláir, Corcaigh, Lú agus Tiobraid Árann. Soláthróidh an tionscadal seo cóiríocht nua do 3,000 scolaire go neasach. Aistríodh an tionscadal seo chuig an NDFA ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar fhaomhadh an TEP, agus eisíodh doiciméid iarratas chun Caibidlíú do na hiarrthóirí gearrliostaithe i mí na Samhna 2013.

Fuarthas tairiscintí mar a bhí sceidealaithe in Aibreán 2014 agus roghnaíodh BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative mar forthairgeoir roghnaithe i Meitheamh. Sroicheadh deireadh airgeadais i mí na Nollag 2014 agus tá tógáil ar siúl agus táthar ag siúl le críochnú in 2016.

Cúigiú Beart de Scoileanna CPP

Soláthróidh an beart seo cóiríocht nua do 4,650 scolaire go neasach agus cuimsíonn sé bunscoil agus iar-bhunscoil i gCill Mhantáin agus dhá iar-bhunscoileanna sa Mhí agus Loch Garman. Beidh coláiste Bord Oiliúna Oideachais (BOO) i mbaile Cheatharlach a sholáthraíonn cúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus oideachas dara-leibhéal príomhshrutha ionadaithe le dhá institiúid nua. Cuimseoidh an comhchamras iar-bhunscoil agus coláiste breisoideachais, a fhreastálann ar 1,000 scolaire an scoil.

Eisíodh doiciméid tairiscinte don chúigiú beart CPP seo do na forthairgeoirí gearrliostaithe i Márta 2015. Táthar ag siúl le tairgeoir roghnaithe a bheith ceaptha i C3 2015 le deireadh airgeadais sceidealaithe do C1 2016.

Clár Oideachais Tríú Leibhéal CPP

Campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin: Cuaid Oirthir & Lárnacha

I Meán Fómhair 2010 seoladh an Rialtas mórthionscadal forbartha infrastruchtúir nua a chuimseoidh campas nua feidhm-tógála d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC), saoráidí staid na teicnícíochta meabhairshláinte agus réimse áiseanna poinlí – iad ar fad le tógáil ar ionad Ospidéal Naomh Breandán Gráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7. Beidh an láithreán freastalta ag an síneadh pleanáilte den líne Thar Cathrach LUAS ar a bhfuil pleanáil aimsithe. Is gné suntasach den fhorbairt campais seo ná tógáil dhá fhoirgneamh mór nua a sholáthróidh 50,000m² de spás teagaisc. Le chéile, tá na Cuaid Oirthir agus Lárnacha le glacadh mar chúram mar chonradh CPP singil le luach caipitiúil se circa €200 milliúin.

Is é Údarás Ceadaithe don tionscadal seo ná an Roinn Oideachais agus Scileanna agus is í an Ghníomhaireacht Urraithe ná an Ghníomhaireacht Fhorbartha Ghráinseach Ghormáin (GFG). Is é GBCN an comhlacht soláthair ag gníomhú do agus thar cheann an tAire Oideachais agus Scileanna augs tá sé mar chomhairleoir airgeadais don Tionscadal seo. Is é ITBÁC úsáideoir deiridh na saoráidí.

Beidh an Cuad Oirthir mar ionad barr feabhais do na healaíona cruthaitheacha agus na meáin Grianán Náisiúnta na hÉireann san áireamh. Freastalóidh sé ar ghníomhaíochtaí acadúla agus saoráidí do chúig as na seacht scoileanna laistigh den Choláiste Ealaíone agus Turasóireachta.

Beidh an Cuad lárnach mar ionad barr feabhais do na heolaíochtaí chomh maith le saoráidí a chorprú do chúrsaí san innealtóireacht leictreach, ealaíona cócaireachta, bainistíocht fháilteachais agus turasóireacht ag ITBÁC.

Freastalóidh sé ar ghníomhaíochtaí acadúla agus áiseanna teagaisc atá de dhíth ar dheich scoil san iomlán ó Choláiste na nEolaíochtaí & Sláinte, Coláiste Innealtóireacht & Timpeallachta Thógtha agus Coláiste na nEalaíon & Turasóireachta. Beidh na scoileanna seo grúptha chun na buntáistí agus éifeachtúlachtaí a uasmhéadú do ITBÁC as disciplíní agus feidhmeanna bainteacha a chomhshuí.

Tá an láithreán Campas Ghráinseach Ghormáin faofa mar Zón Forbartha Straitéiseach (ZFS) faoi Chuid IX den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Glacadh leis an scéim phleanála ag Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus faomhadh é ag An Bord Pleanála in 2011.

Eisíodh doiciméid larratais chun Caibidlíú in Aibreán 2014. I ndiaidh an phróiseas comhairliúcháin réamh-thairiscinte, cuireadh tairiscintí isteach ag trí fheadhnacht i mí na Samhna 2014. I bhFeabhra 2015, ceapadh an fheadhnacht Eriugena mar fhorthairgeoir roghnaithe.


I ndiaidh chead pleanála a fháil (ag an bhforthairgeoir roghnaithe) agus roghnú maoinitheoirí fiachais, an dá cheann sceidealaithe do lár-2015 táthar ag siúl le deireadh airgeadais agus bronnadh conartha a tharlú in 2016. Táthar ag siúl go mbeidh ITBÁC go hiomlán oibríochtúil roimh an bhliain acadúil 2018/2019.

I Márta 2015, eisíodh imeachtaí dlíthiúla i gcoinne an GBCN agus an Roinn Oideachais & Scileanna maidir leis an gcomórtas soláthair phoiblí don tionscadal seo. Tá an tAire agus an GBCN ag cosaint na n-imeachtaí.





Campas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Clár CPP Ionaid Cúram Príomhúla

Baineann an Tionscadal Ionaid Cúraim Phríomhúil CPP leis an soláthar beartaithe de ghréasán ionaid cúraim phríomhúil ar fud na hÉireann. Tá seachadadh an Tionscadail seo mar chuid den chlár náisiúnta 300 ionad cúram príomhúil a bhunú, soláthraítear 14 as an méid sin mar chonradh singil CPP. Tá na saoráidí atá fágtha á sholáthar trí mheán eile.

Baineann dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil do 25 bliain de na hionaid cúraim phríomhúil le chéile le foráil seirbhísí bhainistíocht saoráide leis an tionscadal. Leanfaidh oibríocht na n-ionad cúraim phríomhúil ar aghaidh a bheith mar fhreagracht an FSS, soláthar DGanna san áireamh.

Foilsíodh fógra conartha ag an NDFA san IOAE i mí na Nollag 2013, le ceithre thaisctí réamhcháiliúcháin faighte i Márta 2014. Cuireadh trí iarrthóir ar ghearrliosta i Meitheamh 2014.

Eisíodh na doiciméid larratais chun Caibidlíú i mí Meán Fómhair 2014 agus roghnaíodh tairgeoir roghnaithe in Aibreán 2015. Tá bronnadh conartha agus deireadh airgeadais sceidealaithe faoi láthair do C4 2015 le tógáil dealraitheach idir 13 agus 23 mí a ghlacadh ag gach ceann de na hionaid.



Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais

Tionscadal Beart Cúirteanna CPP

Fógraíodh an Tionscadal Beart Cúirteanna CPP in Iúil 2012 mar chuid den phacáiste Spreagadh Infrastruchtúir níos leithne. Baineann an tionscadal le forbairt fhoirgnimh tithe cúirte nua i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach agus Loch Garman agus athchóiriú agus síneadh tithe cúirte i gCorcaigh, An Muileann gCearr agus Port Láirge. Tá na tionscadail á soláthar i gconradh CPP singil ag cuimsiú dearadh, tógála, maoinithe agus cothabhála na n-áiseanna do 25 bliain. Aimsíodh cead pleanála do na forbairtí tithe cúirte ar fad roimh thosú an phróiseis soláthair.

Tá na tionscadail tosaíochta seo, mar a d'aithin Seirbhís na gCúirteanna, á bhforbairt chun feabhsuithe a sheachadadh as a dtiocfaidh amanna feithimh laghdaithe agus costais dlíthíochta laghdaithe. Chomh maith le sin, ceadóidh na feabhsuithe i bhforinimh chúirte i suíomhanna cathracha agus bailte contae timpeall na tíre cuíchóiriú suíonna cúirte agus cabhróidh sé le héifeachtúlachtaí a bhaint amach i seachadadh seirbhísí trí úsáid áiseanna feabhsaithe agus teicneolaíochtaí.

Is é Údarás Ceadaithe don tionscadal seo ná an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, is é Seirbhís na Cúirte ná an Ghníomhaireacht Urraíochta agus is é Oifig na nOibreacha Poiblí ná an príomhchomhairleoir teicniúil. Ceapadh sainchomhairleoirí teicniúla agus costais, chomh maith le comhairleoirí dlíthiúla don tionscadal in 2013.

Foilsíodh an Fógra Conartha don tionscadal iomlán ag an NDFA san IOAE in Aibreán 2014. Cuireadh ceathrar iarrthóirí ar ghearrliosta agus eisíodh doiciméid larratas chun Caibidlíú dóibh in 2014. Fuarthas tairiscintí i Márta 2015 agus i ndiaidh na measúnachta, ceapadh forthairgeoir roghnaithe i Meitheamh 2015. Tá deireadh airgeadais agus bronnadh conartha sceidealaithe do C4 2015 agus táthar ag siúl le hoibríochtaí a bheith críochnaithe agus go mbeidh na saoráidí ar fad go hiomlán oibríochtúil roimh Deireadh Fómhair 2017.



Dearáí Ailtire, Beart Cúirteanna CPP



Údarás Soláthair do Thionscadail Tógáil Foirgnimh Scoile Neamh-CPP

Clár Foirgnimh Scoile Deabhlóidithe NDFA

I Márta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, sonraí de thionscadail foirgnimh scoile móra nua do sheachadadh sa tréimhse 2013-2017 mar chuid de chlár infheistíochta €2 billiún caipitiúil. Tá na tionscadail nua seo mar aon le is na 56 tionscadail foirgnimh scoile móra a fógraíodh roimhe do 2012. Táthar ag coinne leis an infheistíocht 15,000 post díreach agus 3,000 post indhíreach a chruthú thar tréimhse an chlár.

Cuideoidh an NDFA, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Boird Oiliúna Oideachais (BOO) agus roinnt Comhairlí Contae leis an Roinn le seachadadh níos mó ná 80 tionscadail scoile móra laistigh den phlean 5-bliain.

Iarradh ar an NDFA 15 scoil tosaigh a sholáthar agus a sheachadadh (ag cuimsiú foirgneamh nua agus ionaid, sínithe agus athchóirithe) faoi fhorálacha cuimsithe leis an Acht BOO 2013. Tá an Clár Scoile Deabhlóidithe mar aon leis an gclár CPP ar Scoileanna ar a bhfuil an NDFA mar ghníomhaire soláthair agus seachadta.

I mí na Bealtaine 2013, cheap an NDFA cúigear conraitheoirí foirgnimh do chreatlach 3 bliana "Dear agus Tógáil" i ndiaidh chomórtas tairiscinte oscailte. Eisíodh tairiscintí sa dara leath de 2013 maidir le trí chuach conartha idir 4 agus 6 scoil le gach ceann ag cumhdach an thoir-thuaidh, an lár-réigiúin thiar agus an thiar theas. Críochnaíodh bronnadh conarthaí ón chreatlach seo i C1 2014. Thosaigh tógáil ar na 15 scoil ar fad, agus chríochnaigh an chéad ceann de na scoileanna go déanach i mí na Nollag 2014. Táthar ag siúl leis na 15 scoil ar fad a bheith oibríochtúil do thosú an bhliain scoile 2015-2016.

Tá an NDFA ag gníomhú mar Ionadaí an Fhostóra faoi na conarthaí agus tá ról leanúnach aige i monatóireacht fheidhmíocht an chonraitheora i gcoinne a oibleagáidí conartha.

Soláthar Trialach Fhorálacha Sóisialta do na dí-fhostaithe fad-téarmacha laistigh den gConradh Oibreacha Poiblí

Tá scéim phiólótach do "Fhorálacha Sóisialta do Phrintísigh agus na Dífhostaithe Fad-téarmacha" á bhainistiú ag an NDFA laistigh dá Chlár Scoileanna Deabhlóidithe. Cuimsíonn na forálacha sóisialta seo, atá á chorprú laistigh de na tionscadail CPP atá mar pháirt den Chlár Spreagtha chomh maith, spriocanna éigeantacha le cinntiú go:

- bhfuil ar a laghad deich faoin gcéad dóibh siúd atá ag obair ar na láithreáin tógtha ón bheochlár agus iad a bheith dífhostaithe do níos mó ná 12 mí; agus
- bhfuil ar a laghad 2.5% d'oibrí ar na láithreáin ag obair ar oiliúnt chláraithe faofa nó scéim phrintíseachta.

Cuimsíonn an scéim phiólótach comhaontuithe monatóireachta agus forálann sé do bhailiú sonraí chun a héifeachtacht a mheas agus na cuspóirí ainmnithe á bhaint amach.

Cuidíodh leis an NDFA agus an Roinn Oideachais & Scileanna i ndruchtadh agus cuimsiú na bhforálacha seo i bhfoirm conarthaí oibreacha Poiblí ag an Roinn Caitheachais agus Athchóirithe. I Meitheamh 2014, d'fhógair an tAire Caitheachais agus Athchóirithe bunú Ghrúpa Tionscadail Forálacha Sóisialaí laistigh den Oifig Soláthair Rialtais, chun cur le taithí an tionscnaimh phiólótach seo.

Tá luach caipitil comhiomlán de €80 milliún ag na trí chonradh a bronnadh go nuige seo. Tá an NDFA ag siúl le fórsa oibre láithreáin tógála thar gach ceann de na conarthaí cuir i gcás idir 150 agus 250 duine.

Tá an NDFA ag obair go dlúth leis na conraitheoirí ceaptha, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis na hoifigí áitiúla Intreo bainteacha (oifigí fostaíochta an Roinn Coimirce Sóisialaí) i bhfeidhmiú na riachtanas conartha, agus tá siad ar fad gníomhach go hiomlán i dtacaíocht a thabhairt don tionscnamh phiólótach.

Ag deireadh 2014, fostaíodh 50 duine ag comhlíonadh riachtanais na bhorálacha sóisialta thar na trí chonradh le ceapúcháin eile le teacht agus agallaimh á n-eagrú do phostanna eile.



Ag spreagadh agus ag tacú Rannpháirtíocht FBM níos fairsinge

D'oibrigh an NDFA le Fiontraíocht Éireann ar líon tionscnaimh i dtacaíocht na hearnála FBM ag cuimsiú óstaigh a dhéanamh ar dhá eachtra "Buail leis an gCeannaitheoir" don Chlár Foirgnimh Scoile Déabhlóidithe. Bhí deis ag baill earnáil FBM atá comhcheangailte leis an earnáil tógála dul i dteagmháil go díreach le hionadaithe ó na cúig chonraitheoir deartha agus tógála ceaptha don chreatlach.

Ghlac níos mó ná 300 cuideachta páirt le linn an dá eachtra reachtáilte i nDroichead Átha, Co. Lú agus An Ráth, Co. Luimní. D'fhreastal An Roinn Coimirce Sóisialaí chomh maith le hionadaithe ó Bhordanna Contae áitiúla agus Fiontair ar na heachtraí mar chuid de zón tacaíochta fiontair.



Dul Chun Cinn leanúnach sa Chlár Tógála Scoileanna Déabhlóidithe



Dul chun cinn ar thionscadail ar a ngníomaíonn NDFA mar Chomhairleoir Airgeadais



Na Cúirteanna Breithiúnais Cóiriúla

Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seirbhísí Mheabhairshláinte Fóiréinseacha Náisiúnta

Bunaíodh Naomh Ita Port Reachrann mar an láithreán roghaithe do na saoráidí Seirbhísí Mheabhairshláinte Fóiréinseacha Náisiúnta (SMFN) a cuimseoidh:

- Ospidéal Aosaigh Fóiréinseach nua (120 leaba);
- Ionad Meabharshláinte Míchumas Intleachta Fóiréinseach (10 leaba);
- Ionad Páiste & Óganach Fóiréinseach (10 leaba);
- Ionaid Dianchúraim Athshlánaithe Fóiréinseacha (30 leaba); agus
- Dhá Ionad Dianchúraim Athshlánaithe 30-leaba le forbairt ag suíomhanna cuí ar fud na tíre.

Tá an FSS ag leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo ar bhonn céimnithe, dhá-chéim, leis na hIonaid Dianchúraim Athshlánaithe le tógáil go leithleach sa dara céim.

Tá an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don FSS ar an tionscadal soláthartha go traidisiúnta seo. Táthar ag siúl le cead pleanála a fháil i C2 2015, le doiciméid tairiscinte sceidealaithe a bheith eisithe ina dhiadh sin. Táthar ag siúl le conraitheoir a bheith ceaptha, le tógáil ag tosú amach i C1 2016 don chéad chéim den fhorbairt.

Amharc ón aer, láithreán ag Ospidéal Naomh Ita, Port Reachrann



Ionad Barr Feabhais d'Aosú Rathúil

Tugadh faomhadh d'Ospidéal San Séamas dul ar aghaidh le forbairt an 'Chlár Cúram do Dhaoine Aosta' ag Ospidéal San Séamas ag an FSS. Is é cuspóir an tionscadail seo ná saoráid nua a fhorbairt do na hInstitiúid Mercer d'Aosú Rathúil ar an taobh ó theas den suíomh ospidéil agus go mbeidh sé seo ina 'Ionad Barr Feabhais d'Aosú Rathúil'.

Bhí an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don FSS ar an tionscadal soláthartha go traidisiúnta seo. I ndiaidh fhógairt na tairisceana don tionscadal i Meitheamh 2013, bronnadh an conradh i bhFeabhra 2014 do BAM. Thosaigh tógáil i Márta 2014 le críochnú ionchais go luath i 2016.

Tá an tionscadal comh-mhaoinithe ag Atlantic Philanthropies agus an FSS.

Ospidéal Péidiatraiceach Náisiúnta (OPN)

Tá ospidéal na bpáistí nua ar cheann de na tionscadal infheistíochta chaipitil is mó, is casta agus is suntasaí a rinneadh i gcúram sláinte in Éirinn. Cuirfidh sé feabhas ar an gcaoi a sheachadaítear seirbhísí sláinte géara agus mar thoradh beidh torthaí cliniciúla níos fearr do pháistí agus daoine óga.

Tógfaidh an fhorbairt pleanáilte na trí ospidéal do pháistí ag Ospidéal na bPáistí Muire Mháthair Cromghlinn, Ospidéal Ollscoile na bPáistí Sráid Temple agus Ospidéal na bPáistí Náisiúnta ag Ospidéal Tamhlachta le chéile. Is é an príomhaidhm ná ospidéal a sholáthar a sheachadóidh sármhaitheas i gcúram cliniciúil, teagaisc agus taighde i dtimpeallacht ardchaighdeán, comh-shuite le hospidéal teagaisc acadúla aosaigh.

I mí na Samhna 2012, roghnaíodh Ospidéal San Séamas mar an suíomh don OPN agus cheap An tAire Sláinte Bord Forbartha nua.

Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais don FSS maidir leis an tionscadal. Anuas ar sin, le linn 2014, sholáthraigh an NDFA comhairle airgeadais don Bhord Forbartha maidir le ceapadh foireann dearaidh do chonradh fostaitheoir-ceannasaithe beartaithe a bheith tairiscinte in 2015 do thógáil an ospidéil nua, faoi réir chead pleanála.

An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt

An Dara Clár Bóithre CPP

Bhí an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don Údarás um Bóithre Náisiúnta (UBN) maidir leis an dara clár Bóithre CPP ar a bhfuil trí chin de scéimeann CPP ag foirmiú chuid den Chlár Spreagtha Infrastruchtúir – an N17/18 (An Gort go Tuaim) CPP; an N25 (Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin) CPP agus an Scéim M11 (Guaire go hInis Córthaidh) CPP. Tá an UBN ag soláthar tranche eile den tionscadal Limistéir Seirbhísí Mótarbhealaigh ar a sholáthraíonn an NDFA comhairle airgeadais.

Scéim N11 (An tInbhear Mór, Ráth Naoi agus N7 Crois an Fhearainn Nua)

Sholáthraigh an NDFA comhairle airgeadais don UBN ar an scéim N11/Crois an Fhearainn Nua CPP a bhí ar an tionscadal deireanach sa Chéad Clár Bóithre CPP a shroic bronnadh conartha agus deireadh airgeadais in Aibreán 2013.

Tá eochairnasc straitéiseach sa ghréasán bóithre náisiúnta, an t-uasghrádail don N11 á fhorbairt chomh maith le h-uasghrádú acomhal Chrois an Fhearainn Nua mar chonradh CPP singil. Cuirfidh an t-uasghrádú N11 feabhas ar shábháilteacht bóithre ar shraith bóthair míchlúiteach a bheith dáinséarach agus cuimseoidh sé an chéad stáisiún seirbhíse ar líne ar an N11 ag Guaire. Bhain an t-uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua nua-críochnaithe an solas tráchta deireanach idir Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus ag an teorann le Tuaisceart Éireann. Téann 80, 000 feithiciúil trí Chrois an Fhearainn Nua gach lá.

Soláthraíodh maoiniú fiachais de níos mó ná €160 milliúin ag Banc na hÉireann agus BIE, le Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin ag gníomhú mar iasachtóir tenant. Bronnadh an conradh d'fheadhnacht ag cuimsiú BAM PPP agus riaraitheoir ciste pinsin PGGM Infrastructure Cooperatie. Tá tógáil an tionscadal ar fad dlite a bheith críochnaithe in 2015.

N17/N18 Scheme (Gort to Tuam) Scéim N17/N18 (an Gort go dtí Tuaim)

Shroic an scéim N17/18 (an Gort go dtí Tuaim), a sholáthróidh 57 ciliméadar de mhótarbhealach gan dola agus de dhébhealach mar chuid de nasc bóthair ardchaighdeán idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair an Atlantaigh), bronnadh conartha agus deireadh airgeadais go rathúil in Aibreán 2014 leis an gconradh bronnta don fheadhnacht Direct Route. Ag costas caipitiúil measta de €330 milliúin, is é seo an tionscadal is mó den Chlár Spreagtha Infrastruchtúir agus táthar ag siúl go gcruthóidh sé suas go 450 post, geilleagair áitiúla a threisiú in iarthar na hÉireann agus plodú tráchta a laghdú.

Mar an tionscadal is mó i gCéim 1 den Chlár Spreagtha CPP, bhí an tiomsú airgis rathúil mar gharisprioc i leanúint an chláir CPP Éireannach agus dheimhnigh sé muinín athnuaite an mhargaidh maoiniú thionscadail idirnáisiúnta, ag leibhéal bainc agus institiúide. Bhí ról lárnach an NDFA i mbainistíocht an réitigh maoinithe casta forbartha don Tionscadal CPP seo.

Soláthróidh an BIE €144 milliúin thar 26 bliain don scéim – triú ghníomhú an bhainc chun tionscadail CPP a thacú ó 2010. Tá tógáil na scéime ar siúl faoi láthair.

Tógáil ar siúl ar N17/N18





Seachbhóthar N25 Ráth Naoi

Cuirfidh Seachbhóthar N25 nua Ráth Naoi nascanna ardchaighdeán ar fáil laistigh den réigiún thoir agus laghdóidh sé brú tráchta trí sheachbhóthar a chur ar fáil i mBaile Ráth Naoi ar an N25 agus N30.

Thosaigh an UBN an próiseas soláthair don scéim PPP i Márta 2013 agus ceapadh an Forthairgeoir Roghnaithe (feadhnacht BAM Iridium) i mí na Nollag 2014.

Tá an scéim faofa “i bprionsabal” ag BIE le haghaidh chuimsithe sa chéim phiolótach de Thionscnamh Bhanna Tionscadal 2020 an Choimisiúin Eorpaigh/BIE. Déanfaidh an NDFA bainistiú ar an bhfoinse maoinithe nuálach le cinntiú go mbaineann an Stát Luach ar Airgead amach agus toradh rathúil ó sheasamh an Stáit

Is é sprioc deiridh airgeadais ná C3 2015.

Scéim M11 (Guaire go dtí Inis Córthaidh)

Cuimseoidh Scéim an M11 (Guaire go dtí Inis Córthaidh) tógáil trí choda nua de bhóthair, lena n-áirítear an M11, N30 agus nasc N80. Cuimsíonn an scéim:

- Seachbhóthar M11 Inis Chórthaidh – 26km príomhlíne go caighdeán mótarbhealaigh, ag tosú ag Baile na Fraince agus ag leanúint ar aghaidh go Baile Roper ar an N11 atá ann cheana féin
- Nasc N80 – 4Km débhealach ag ceangal chumar Bhaile Dháith Mhóir le cumar N11/N80 ag Scairbh Bhailis atá ann cheana féin.
- Nasc Thiar N30 - 8km bealach aonair ag ceagal chumar an N11/N80 ag Scairbh Bhailis le Baile Thaidhg Dhuibh, ag dul thar Bhaile Inis Chórthaidh thiar.

Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair in Iúil 2013 agus ceapadh an Forthairgeoir Roghnaithe (BAM Iridium consortium) i bhFeabhra 2015. Tá an scéim faofa “i bprionsabal” ag BIE do suas go 50% den fhiachas sinsir. Táthar ag súil le tairiscintí in Q4 2014 agus is sprioc deiridh airgeadais Q3 2015.

Ionaid Seirbhísí Thráinse 2

Cuimsíonn an tionscadal seo an dearadh, an tógáil, oibriúchán agus cothabháil dhá ionad seirbhíse suite ar mhótarbhealach an M6 ar an taobh thoir de Bhaile Átha Luain agus ar mótarbhealach an M9 ar an taobh ó dheas de Chill Chuillinn, le chéile leis an bhféidearthach feistiú, oibriúchán agus cothabháil an tríú ionaid seirbhíse ar mhótarbhealach an M11 ó thuaidh de Ghuaire.

Thosaigh an UBN an próiseas soláthair i Márta 2014. Fuarthas tairiscintí i C1 2015 agus is sprioc deiridh airgeadais C3 2015.

Luas Traschathrach

Tá an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) (Luas BXD roimhe seo), freagrach as soláthar scéim an Luas Traschathrach, ina bhfuil nasc le soláthar idir Líne Dhearg agus Ghlas an Luas agus an líonra a shíneadh ar aghaidh i dtreo lár na cathrach go dtí an Chabhrach (Droichead na Scuab) tríd an Chloch Leathan agus Gráinseach Ghormáin. Déanfaidh an líne seo nasc le líne iarnróid fhouirbigh Mhaigh Nuad agus Dhún Búinne. Beidh cistiú don scéim á fháil ón Státchiste, le buiséad tionscadail €368 milliún. Síníodh an príomhchonradh tógála i C1 2015 leis an bhfeadhnacht Sisk Steconfer agus tá tógáil na scéime ar siúl faoi láthair.

Tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil don RPA agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i leith na scéime seo. Mar chuid dá ról, chomhordaigh an NDFA maoiniú iasachta EIB (traidisiúnta) don tionscadal i socrú a síníodh i Márta 2014.

An Comhshaol, Pobal & Rialtas Áitiúil

Fuill go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath

Tá an tionscadal Fuill go Fuinneamh ina CPP idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (ag gníomhú thar cheann ceithre Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath) agus Covanta, chun monarcha cóireáil teirmeach a sholáthar chun fuill cathrach nach féidir a bheith athúsáidte nó athchúrsáilte.

Soláthróidh an Monarcha Fuill go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath réiteach bainistíochta fuill inbhuanaithe fad-téarmach do réigiún Bhaile Átha Cliath, ag cumasú dó fuill iar-athchúrsáilte ó líonadh talún a atreorú agus a bheith féin lorga go háitiúil i mbainistíocht fuill, ag cloí le polasaithe réigiúnach, náisiúnta agus AE. Nuair atá sé críochnaithe, ginfidh an saoráid fuinneamh glan in-athnuaite chun 80,000 teach a sholáthar, ag laghdú spleáchas Éire ar bhreosla iontaise iompórtáilte, agus tá sé dearth le teicneolaíocht agus infrastruchtúr chun dóthan teas a sholáthar chun riachtanais coibhéiseach 50,000 teach a chomhlíonadh má cuirtear córas téimh dúiche i bhfeidhm sa toadhcháí.

Shroic an tionscadal deireadh airgeadais i Meán Fómhair 2014. Glactar tógáil trí bhliain go neasach, le sprioc tosú oibríochtaí do dhéanach 2017.

Títhíocht Shóisialta

I mBuiséad 2015 d'fhógair an tAire Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe clár CPP €300 milliúin chun infheistiú i dtíthíocht shóisialta. Seachadfaidh an clár suas go 1,500 ionad títhíochta shóisialta agus úsáid a bhaint as an múnla dearaidh, tógála, airgeadais agus cothabhála infhaighteacht-bunaithe chun forbairtí títhíochta shóisialta a sheachadadh i roinnt láithreáin. Baintear úsáid as an múnla seo chun tionscadail éagsúla a sholáthar go rathúil, go háirithe scoileanna agus bóithre, agus tá sé in úsáid faoi láthair chun ionaid cúram sláinte príomhúla, tithe cúirte agus saoráid oideachais tríú-leibhéal a sholáthar.

Faoi láthair, tá an NDFA ag obair go gníomhach leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Údaráis Áitiúla chun suíomhanna cuí a aitheant don chlár.



Obair Comhairleach NDFA eile

Comhairle airgeadais

Soláthraíonn an NDFA comhairle airgeadais do Ranna Rialtais ar roinnt tionscadail CPP oibríochtúla ag cuimsiú na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla agus Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.

Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin Conartha CPP don Roinn Oideachais

Ar iarratas an Roinn Oideachais agus Scoileanna, táthcheangail an NDFA an bhainistíocht conartha CPP de na hoibríochtaí agus cothabháil 15 Scoil CPP oibríochtúil i nDeireadh Fómhair 2012. Síníodh an comhaontú seo i Márta 2014 agus Márta 2015 do 12 mí eile le cead an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe. Síníodh an comhaontú in 2014 chun bainistíocht conartha beart eile a chorprú (Beart 3 Scoileanna CPP) sa seirbhís.

Tá an NDFA ag bainistiú an chonartha le haghaidh trí thionscadal scoile fheidhmiúla: An Chéad Bheart Scoileanna CPP (4 scoil), An Dara Beart Scoileanna CPP (6 scoil) agus na Scoileanna Píolótacha CPP (5 scoil) agus an Triú Beart Scoileanna CPP (8 scoil) ar son na Roinne. Ag obair faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse, is éard atá sa tacaíocht monatóireacht na gComhlachtaí CPP cuí i ngníomhaíocht a n-oibleagáidí faoi réir an chonartha CPP.

I mbainistiú na conarthaí, téann an NDFA i gcomhairle leis an Roinn, na scoileanna agus na Cuideachtaí CPP le cinntiú go bhfuil na saoráidí cothabháilte agus saolréite de réir na riachtanais seirbhíse ahis conartha. Agus iad ag tabhairt faoin ról seo, tá an NDFA freagrach as:

- Bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí ag cuideachtaí CPP, agus ag cinntiú comhlíonadh leis na riachtanais conartha;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar tuarascálacha míosúla agus feidhmíocht cuideachtaí CPP;
- Asbhaintí cuí a fheidhmiú (do theipeanna seirbhíse agus infhaighteachta) do na sonraisc míosúla;
- Cinntiú go bhfuil na hathruithe riachtanacha (ceachtar leis na scoileanna nó na Cuideachtaí CPP) bainistithe de réir an chonaradh;

- Tabhairt faoi suirbhéanna cúinse bliantúla de na saoráidí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus cláranna bliantúla/5 bliantúla do sheachadadh seirbhíse, cothabháil agus saolré agus ag cinntiú comhlíonadh leis na riachtanais; agus
- Bainistíocht a dhéanamh ar tháisteál margaidh 5 bliantúil agus tagarmharcáil seirbhísí de réir na riachtanais conartha.

Is é suim iomlán asbhaintí infhaighteachta agus feidhmíocht seirbhíse déanta in 2014 ná €48,658 (2013: €187, 500).

Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais

Tá ionadaíocht ag an NDFA ar Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (GCCC).

Tar éis iarratais, tá an NDFA ag obair leis an GCCC ar fhorbairt doiciméid teorach le haghaidh breithmheas airgeadais na gconraitheoirí faoi na foirmeacha éagsúla oibreacha poiblí den chonaradh. Sna céimeanna deiridh d'fhaomhadh leis an gCoiste, táthar ag súil go gcruthóidh an cháipéis an bonn le treoir nua a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le breithmheas airgeadais cháipéisí conartha GCCC.

Tá deonacháin tugtha ag an NDFA don Choiste i dtaca le treorú eisithe ag an GCCC ar an leibhéal bannaithe a socrófar in oibreacha tógála poiblí, glacadh leis na Rialacháin Um Rialú Foirgníochta (Leasú) agus an tionchar aige ar shraith conarthaí na n-oibreacha poiblí chomh maith leis an athrbhreithniú ginearálta ar Chonarthaí na n-oibreacha poiblí a sheol an tAire Caiteachais Poiblí i Nollaig 2013.

Conarthaí CPP faoi Bhainistíocht NDFA

Tionscadal CPP	Co. CPP	Scoil	Seoladh	Dáta Tosaithe Seirbhíse
Beart 3 Clár Scoileanna CPP	Scoileanna BAM Beart 3 Ltd.	Scoil na Trionóide Naofa	An Dún, Co. Luimnigh	Feab 2014
		Pobalscoil Bhéal an Átha Móir	Béal an Átha Móir, Co. Liatroime	Feab 2014
		Coláiste Áiligh	Leitir Ceanainn, Co. Dún na nGall	Samh 2014
		Ardscóil na Mara	Trá Mhór, Port Láirge	Márt 2014
		Coláiste Críoch	Guaire, Co. Loch Garmain	Márt 2014
		Pobalscoil Bhaile Átha Luain	Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí	Aibr 2014
		Coláiste Merlin	Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe	Márt 2014
		Coillte Merlin	Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe	Márt 2014
Beart 2 Clár Scoileanna CPP	Pymble Schools Ltd.	Coláiste Phobail Bheanntraí	Beanntraí, Co. Corcaigh	Deir. Fó 2011
		Gaelscoil Bheanntraí	Beanntraí, Co. Corcaigh	Lún 2011
		Kildare Town Community College	Baile Chill Dara, Co. Chill Dara	Deir. Fó 2011
		Coláiste Ide agus Iosef	Mainistir na Féile, Co. Luimnigh	Iúil 2011
		Coláiste Phobail Bhaile Átha Buí	Baile Átha Buí, Co. na Mí	Deir. Fó 2011
		Coláiste Cill Mhantain	Baile Chill Mhantain, Co. Chill Mhantain	Sep 2011
Beart 1 Clár Scoileanna CPP	MPFI Schools 1 Ltd.	Scoil Chríost Rí	Port Laoise, Co Laois	Lún 2010
		CBS Naomh Mhuire	Port Laoise, Co Laois	Iúil 2010
		Pobalscoil Gallen	Febane, Co. Uibh Fáilí	Deir. Fó 2010
		Coláiste na Síonna	Beannchar, Co. Uibh Fáilí	Deir. Fó 2010
Tionscadal Píolótach Scoileanna CPP	Comhpháirt-néireachtaí Phríobháideacha / Phoiblí (Éire) Ltd.	Coláiste Largy	Cluain Eois, Co. Muineacháin	Nol 2002
		Pobalscoil Naomh Caimín	Sionann, Co. an Chláir	Samh 2002
		Naomh Attracta	Tobar an Choire, Co. Shligigh	Samh 2002
		Coláiste Phobail Maria Immaculata	Dún Mánmhaí, Co. Corcaigh	Nol 2002
		Coláiste Phobail Bhaile an Chollaigh	Baile an Chollaigh, Co. Corcaigh	Nol 2002

Rialachas

Bord an NDFA agus socruithe rialachais

Forálann Acht an NDFA 2002, leasuithe, Bord ina bhfuil Cathaoirleach agus seachtar gnáthbhall. Is é Príomhfheidhmeannach an NTMA Cathaoirleach ex officio an Bhoird. Is ball den bhord Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA. Ceaptar gnáthbhall ag an Aire Airgeadais nach dtéann thar dhá théarma de chúig bliana.

Faoi fhorálacha an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasaithe), 2014 mar a thosaigh ag S.I. 22 de 2015, scaoileadh an NDFA ar 27 Eanáir 2015 agus aistríodh a feidhmeanna don GBCN.

Roimh scaoileadh, bhí ar an mBord cinntiú go raibh feidhmeanna an NDFA á dhéanamh go héifeachtach. Shocraigh sé na cuspóirí straitéiseacha agus spriocanna le baint amach ag an NDFA agus chinntigh sé gur chomhlíonadh iad.

Bhí na hábhair seo a leanas curtha in áirithe d'fhaomhadh Bóird le linn na tréimhse:

- Údaráis Tarmlichte Sínithe
- Faomhadh Conarthaí Móra
- Polasaithe agus Pleananna Corparáideacha
- Polasaí Bainistíocht Riosca
- Córas Rialú Airgeadais Inmheánach
- Tuarascáil Bhliantúil NDFA agus Cuntais
- Rannpháirtíocht i gCoiste Iniúchta GBCN

Bhí baill bóird le linn tréimhse 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015 mar seo a leanas:

John Corrigan

Cathaoirleach (ex-officio) (Scortha 4 Eanáir 2015)
Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Conor O'Kelly

Cathaoirleach (ex-officio) (Ceaptha 5 Eanáir 2015)
Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Brian Murphy

Chief Executive Officer Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Gerry Murray

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann

Petrina Smyth

Páirtneir Cánach, Dlíghnólacht Walkers Ireland

Robert Watt

Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Bhuail an Bóird le chéile ar chúig ócáid le linn na tréimhse ó 1 Eanáir 2015. Tá tinreamh ag baill leagtha amach thíos.

Ball Bóird	Cruinnuithe Freastalta
John Corrigan	5
Brian Murphy	5
Gerry Murray	5
Petrina Smyth	5
Robert Watt	5

An Coiste Iniúchta agus iniúchadh inmheánach

Tá Coiste Iniúchta ag an GBCN a oibríonn de réir na prionsabail sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá feidhm iniúchta inmheánach GBCN maoirsithe ag an gCoiste Iniúchta seo. Tugtar eolas d'obair na feidhme iniúchta inmheánach ag anailís na rioscaí don NDFA, agus tá pleananna iniúchta inmheánacha bunaithe ar an anailís seo. Déantar comhaontú ar na pleananna iniúchta inmheánacha leis an bPríomhfheidhmeannach agus bainistíocht an GBCN agus faofa ag an gCoiste iniúchta GBCN. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánach bainistíocht an GBCN agus Coiste Iniúchta an GBCN le tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúcht inmheánach. Leagann na tuarascálacha seo amach aon torthaí agus moltaí maidir le rialuithe inmheánacha a rinneadh athbhreithniú orthu. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn agus tuairiscítear don Choiste Iniúchta é.

Bhí Baill den Choiste Iniúchta le linn na tréimhse 1 Eanáir 2014 go 22 Nollaig 2014 mar seo a leanas:

Brendan McDonagh (Cathaoirleach)

Gerry Murray – Ball den Bhord NDFA

Michael O'Grady – Ball Seachtach

Cód Rialachais Chorporáidigh

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach ina bhfuil Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, mar aon le foireann bhainistíochta feidhmeannaí agus baill foirne, a thugann faoi na feidhmeanna a leithdháileann an Bord dóibh.

Chuir Bord an NDFA an Cód i bhfeidhm agus rinne siad é a oiriúnú dá gcuid cúinsí. Tá cód iompar gnó agus beartas taistil i bhfeidhm do bhaill den Bhord. Tá coinne leis go gcinntíonn baill den Bhord go bhfuil a ngníomhaíochtaí go léir rialaithe ag caighdeán a shonraítear sa chód.

Comhlacht forordaithe is iad an NDFA chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Anuas air sin, is ann do nochtheadh ceanglais shonracha leasa faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Iniúcháirí

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an NDFA.

Liosta na n-Údaráis Stáit

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit ar a bhfuil dualgas faoi láthair chun dul i gcomhairle leis an NDFA chun comhairle airgeadais a fháil i dtaca le mórtionscadal infheistíochta poiblí.

Údaráis Stáit amhail a liostaítear iad sa Sceideal leis an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás Áitiúil
3. Na Coimisinéirí Oibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil laistigh den bhrí a luaitear in Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste laistigh den bhrí a luaitear in Alt 2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992
9. Coiste gairmoideachais laistigh den bhrí a luaitear in Alt 7 den Acht Gairmoideachais, 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás cuain laistigh den bhrí a luaitear sna hAchtanna Cuanta 1946-1976
12. Bus Átha Cliath – Dublin Bus
13. Bus Éireann – Irish Bus
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú

Ráitis Airgeadais

Tugann an NDFA comhairle ar Údaráis Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú tionscadal. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha le haghaidh tionscadail CPP le fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Ceanglaítear faoi Alt 20 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, go gcoinnítear i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas. Ní mór go n-áireofaí leis na cuntais cuntas ar leith ina bhfuil na táillí agus na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

Mar seo a leanas atá na costais riaracháin tabhairthe ag an NDFA sa tréimhse a chríochnaigh 26 Eanáir 2015 agus sa bhliain a chríochnaigh 31 Nollag 2013.

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Táillí Boird	13,459	12,600
Táillí Iniúchóireachta	7,800	7,800
	21,259	20,400

I dteannta na gcostas thuas, ba iad na costais riaracháin a thabhaigh an NTMA i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA sa thréimhse a chríochnaigh ar 26 Eanáir 2015 €9,000,112 (2013: €7,113,551). Áirítear na costais seo i gcostais riaracháin an NTMA agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údaráis an Stáit.

Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais don Tréimhse ó 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015

Clár Ábhair

Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Eile	36
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais	37
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	38
Tuarascáil an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste	40
Beartais Chuntasaíochta	41
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	42
Cuntas Riaracháin	43
Clár Comhardaithe	44
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	45

Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Eile

Comhaltaí an Bhoird

John C. Corrigan
Cathaoirleach (ex-officio) (Scortha 4 Eanáir 2015)

Conor O’Kelly
Cathaoirleach (ex-officio) (Ceaptha 5 Eanáir 2015)

Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmeannach

Gerry Murray

Petrina Smyth

Robert Watt

Faoi fhorálacha an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasaithe) 2014, mar a thosaigh Ionstraim Reachtuil (S.I.) Uí. 22 de 2015, scaoileadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“NDFA”) ar 27 Eanáir 2015 agus aisghaireadh an reachtaíocht NDFA. Ar an dáta sin tugadh na feidhmeanna reachtúla cuí don Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Ghníomhaireacht”) agus aistríodh réadmhaoin, cearta agus dliteanais ar fad an NDFA don Ghníomhaireacht.

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc Aontas Éireann cpt

1-4 Sráid Bhagóid Iochtarach

Baile Átha Cliath 2

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an “NDFA”) faoin Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002. De réir cuid 11 den Acht NDFA (a d’fheidhmigh le linn na tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo), rinne an NDFA a fheidhmeanna tríd an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Ghníomhaireacht”) D’éiligh cuid 20 den NDFA don NDFA ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena noibríochtaí do gach bhliain airgeadais.

Faoi fhorálacha an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Arna Leasú) Airgeadais, 2014, mar a thosaigh Ionstraim Reachtúil (S.I) Uí. 22 de 2015, scaoileadh an NDFA ar 27 Eanáir 2015 agus aisghaireadh reachtaíocht NDFA. Ar an dáta sin tugadh na feidhmeanna reachtúla cuí don Ghníomhaireacht agus aistríodh réadmhaoin, cearta agus dliteanais an NDFA don Ghníomhaireacht. Forbraítear na ráitis seo de réir an tAcht NDFA, arna leasú, agus cuimsíonn siad an tréimhse roimh díscáoileadh, ó 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015.

Toisc go bhfuil gníomhaíochtaí an NDFA leanúnach faoin Ghníomhaireacht, meastar go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.


Is éard a dhéanann an Ghníomhaireacht agus í ag ullmhú na ráitis:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeán Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Le linn na tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo, bhí an Bord NDFA freagrach as:


- coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann sí nó a chaitheann sí agus ar gach idirbheart airgeadais agus eile a ghlacann sí de láimh i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
- taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an NDFA.
- sócmhainní atá faoina smacht a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

Ar son na Gníomhaireachta



Conor O’Kelly, Príomhfheidhmeannach
An Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015



Willie Walsh, Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Faoi fhorálacha an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Arna Leasú) Airgeadais, 2014, mar a thosaigh Ionstraim Reachtúil (S.I) Uí. 22 de 2015, scaoileadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ('NDFA') ar 27 Eanáir 2015. Ar an dáta sin tugadh na feidhmeanna reachtúla cuí don Ghníomhaireacht agus aistríodh réadmhaoin, cearta agus dliteanais ar fad an NDFA don Ghníomhaireacht. Roimh an dáta díscailte, bhí an Bord NDFA freagrach as cinntiú go raibh córas bainistíochta airgeadais cothabháilte agus oibrithe.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú absalóideach é, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfar faoi deara iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

De réir alt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, rinne an NDFA a fheidhmeanna a chomhlíonadh tríd an Ghníomhaireacht le linn na tréimhe 1 Eanáir 2002 go 26 Eanáir 2015.

Ghlac an Bord NDFA i gcomhar leis an Ghníomhaireacht le céimeanna chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú don NDFA trí:

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shonrú go soiléir;
- Cód Iompair an NDFA a cheapadh chun Coimhlintí Leasa a Bhainistiú;
- nósanna imeachta foirmiúla a cheapadh maidir le gnó na Gníomhaireachta a dhéanamh;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a thabhairt dúinn ar chomhlíonadh ár bhfreagrachtaí don chóras rialachais inmheánach airgeadais.

Tá próisis bunaithe ag an NDFA agus an Ghníomhaireacht chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a aithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an dócúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmilgthe agus cuntasachta. Áirítear leo go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe do chostais riaracháin an NDFA (seachas táillí Bhord NDFA agus táillí iniúchta seachtracha) a n-íocann an Gníomhaíocht astu;
- Spriocanna a leagadh síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.
- Nósanna imeachta maidir le soláthar atá sainithe go soiléir.
- Glacadh le Polasaí Frith-Chalaoise agus Tuarascáil 'Éagóirithoireacht' agus Polasaí Faisnéisithe Cosanta (Polasaí Tuarascála Mheon Macanta roimhe seo).

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an GBCN a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá feidhm iniúchta inmheánach na Gníomhaireachta maoirsithe ag an gCoiste Iniúchta seo. Cuireann an anailís ar na rioscaí a bhfuil an NDFA nochta dóibh bonn eolais ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Comhaontaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh leis an bPríomhfheidhmeannach agus bainistíocht na Gníomhaireachta agus faomhann Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta iad. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánach bainistíocht na Gníomhaireachta agus Coiste Iniúchta

na Gníomhaireachta le tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánach. Leagann na tuarascálacha sin amach aon torthaí agus moltaí maidir le rialuithe inmheánaigh a rinne athbhreithniú orthu. Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i leith moltaí don Choiste Iniúchta.

Tá Cód Cleachtais agus Iompar Gairmiúil ag an nGníomhaireacht a leagann amach na caighdeáin prionsabail comhaontaithe agus cleachtas maidir le rúndacht, coinbhleacht leasa, trádáil chos istigh, cúbláil margaidh agus idirbhearta cuntais pearsanta.


Tá creatlach cuí curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht le cinntiú go gcomhlíonann sí leis na hAchtanna Cosaint Sonraí. Mar chuid den gcreatlach seo, tá córas agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun rochtain ar shonraí iontaofa a theorannú. Faoi gcreatlach, nuair a bhíonn fios ag an nGníomhaireacht faoi sháruithe nó sáruithe líomhnaithe ar shonraí iontaofa, déantar fiosrúchán iomlán futhu agus nuair is gá tuairiscítear don húdaráis cuí.

Tá bainistíocht laistigh den Gníomhaireacht a bhfuil freagracht acu ar fhorbairt agus cothabháil an chreatlach rialú airgeadais, torthaí ó obair na feidhme iniúchta inmheánach agus ráitis déanta af an tArd-Rachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta agus tuarascálacha eile mar bhonn eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtúlacht an chórais rialú airgeadais inmheánach.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe


Dearbhaímid, maidir leis an tréimhse ó 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015, go ndearna baill na Gníomhaireachta, tar éis dóibh comhairle a ghlacadh ó Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais.

Ar son baill na Gníomhaireachta,



Willie Walsh, Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015



Martin Murphy, Cathaoirleach, Coiste Iniúchta
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil

le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais (scaoilte) don tréimhse a chríochnaigh ar 26 Eanáir 2015 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2002. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a forbraíodh faoi na beartais cuntasaoíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaoíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas riaracháin, an clár comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Forbraíodh na ráitis airgeadais san fhoirm forordaithe faoi chuid 20 den Acht, agus de réir chleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an Gníomhaireacht)

Bhí Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais freagrach as forbairt na ráiteas airgeadais, cinntiú go dtugann siad léiriú fíor agus cothrom ar chúrsaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus a ioncam agus caiteachas, agus cinntiú rialtacht a idirbheart.

Scaoileadh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ar 26 Eanáir 2015 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú) 2014 agus aistríodh a feidhmeanna, réadmhaoin, cearta agus dliteanais chuig an Gníomhaireacht mar a leagtar amach sa Ráiteas Freagrachtaí. Tá an Gníomhaireacht freagrach as forbairt ráitis airgeadais deiridh na comhlachta scaoilte de réir Sceideal 4 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú) 2014.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá mé freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir dlí infheidhmithe.

Láimhseáiltear m'iniúchadh trí thagairt do na breithniúcháin a astaíonn do Chomhlachtaí Stáit maidir lena bhainistíocht agus a oibríocht.

Déantar m'iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éireann) i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

Raon iniúchta na ráiteas airgeadais

Cuimsíonn iniúchadh fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtaithe i ráitis airgeadais, dóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhair, cé acu mar thoradh ar chalaíocht nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cé acu an bhfuil beartais chuntasaoíochta oiriúnach dá imthosca, agus gur feidhmíodh iad go chomhsheasmhach agus nochtaithe go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasacha cuntasaoíochta ar na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

larraim ar fhianaise a fháil faoi rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchta chomh maith.

Anuas air sin, léim tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais chun fáil amach an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhair leis na ráitis airgeadais iniúchta. Má fhaighim aon míshonruithe nó neamhréireachtaí, déanaim trácht ar na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a fobraíodh i gceart de réir chleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn, léiriú fíor agus cothrom ar staid cúrsaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais ag 26 Eanáir 2015 agus a ioncam don tréimhse go dtí an dáta sin.

I mo thuairim choinnigh an Gníomhaireacht leabhair chuntas ceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a thuairisim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht

- muna bhfuair mé an t-eolas ar fad agus na míniúcháin a bhí uaim do m'iniúchadh, nó
- má nótáil m'iniúchadh aon chás ábhair nuair nár fheidhmigh airgead poiblí do na feidhmeanna beartaithe nó nuair nár chomhfhoirmigh na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú orthu, nó
- nuair nach bhfuil eolas tugtha i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais i gcomhréir leis na ráitis airgeadais bainteacha, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas ar rialú airgid inmheánach comhlíonadh na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó cpp
- Faighim go bhfuil ábhair eile a bhaineann leis an gcaoi a lámhseáileadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a ndéantar tuairisciú trí conartheisceacht.



Seamus Mac Carthaigh,
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
16 Meitheamh 2015

Beartais Chuntasaíochta

(a) Cúlra

Bunaíodh an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an NDFA") le hordú ón Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Faoi fhorálacha an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Arna Leasú) Airgeadais, 2014, mar a thosaigh S.I. Ui. 22 de 2015, scaoileadh an NDFA ar 27 Eanáir 2015 agus aisghaireadh reachtaíocht NDFA. Ar an dáta sin tugadh na feidhmeanna reachtúla cuí don Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Gníomhaireacht") agus aistríodh réadmhaoin, cearta agus dliteanais ar fad an NDFA don Gníomhaireacht. Leanann foireann sannta don NDFA ag an nGníomhaireacht ar aghaidh a bheith fostaithe ag an nGníomhaireacht.

(b) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir fhorálacha an Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, (a d'fheighmigh le linn na tréimhse lena mbaineann na raitis airgid seo) i bhformáid atá faofa ag an Aire Airgeadais agus atá glactha ag an nGníomhaireacht de bhun an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Arna Leasú) 2014.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe don tréimhse 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015, an tréimhse roimh díscaoileadh an NDFA. Aithníonn na ráitis airgeadais:

- Ioncam agus Caiteachas ar fad suas go dáta díscaoilte;
- Sócmhainní agus dliteanais ar fad ag an dáta roimh díscaoileadh atá cuimsithe sa Chlár Comhardaithe agus a aistríodh don nGníomhaireacht ar dhíscaoileadh.

Toisc go leanfaidh feidhmeanna agus gníomhaíochtaí a rinne an NDFA ar aghaidh faoin Gníomhaireacht, aistríodh sócmhainní agus dliteanais ag luach de réir na leabhar agus mar sin, ní dhéantar aon leasuithe do luachanna (tugtha) anonn na sócmhainní agus dliteanais seo.

Is é seo a leanas achoimre ar na sócmhainní agus dliteanais a aistríodh don Gníomhaireacht:

	26 Eanáir 2015
	€
Airgead sa Bhanc	760,844
Féichiúnaithe	1,019,535
Creidiúnaithe	(1,780,379)
Glansócmhainní	-

Déanann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus staid airgeadais an NDFA. Toisc go bhfuil gníomhaíochtaí an NDFA ag leanúint faoin Gníomhaireacht, meastar go bhfuil sé oiriúnach na raitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

(c) Tréimhse Tuarascálacha

Is í an tréimhse tuairiscithe ná 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015. Is í an tréimhse tuarascálacha comparáideach ná 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2013.

(d) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

(e) Aithint Ioncaim

Déantar ioncam a chur chun cuntais ar bhonn fabhráithe.

(f) Costais

Déantar costais a chur chun cuntais ar bhonn fabhráithe.

Faoi Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 (a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo), ní dhéantar ach costais dhíreacha a thabhaíonn an NDFA chun dochair an Chuntais loncaim agus Caiteachais. Tabhaíonn an Gníomhaireacht gach costas riaracháin eile agus is i bhfoirm nóta amháin a nochtar iad.

Déantar táillí agus costais a tabhaíodh i leith feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha an NDFA a chur chun dochair an Chuntais loncaim agus Caiteachais, agus déanann an tÚdarás Stáit ábhartha iad a aisíoc.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Tréimhse Tuairiscithe


	Nóta	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Ioncam	1	4,974,723	5,720,150
Táillí agus Costais Tionscadail	2	(4,953,464)	(5,699,750)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	(21,259)	(20,400)
Glanioncam don tréimhse		Nialas	Nialas

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ar son na Gníomhaireachta,



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
An Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015

Cuntas Riaracháin

Don Tréimhse Tuairiscithe


	Nóta	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	21,259	20,400
Costais Riaracháin an NDFA	4	(21,259)	(20,400)
Glanioncam/ (caiteachas)		Nialas	Nialas

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ar son na Gníomhaireachta,



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015

Clár Comhardaithe

Don Tréimhse Tuairiscithe dár gCríoch


	Nóta	26 Ean 2015 €	31 Nol 2013 €
Sócmhainní			
Airgead sa Bhanc		760,844	349,855
Féichiúnaithe	5	1,019,535	1,407,015
		1,780,379	1,756,870
Dliteanais			
Creidiúnaithe	6	1,780,379	1,756,870
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais		Nialas	Nialas
A Léiríonn			
Cúlchistí Carntha		Nialas	Nialas

Tá na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ar son na Gníomhaireachta,



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

15 Meitheamh 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Aisíocaíocht ó Údaráis Stáit i leith costas comhairleach	4,953,464	5,699,750
An Príomh-Chiste (Nóta 7 (a))	21,259	20,400
	4,974,723	5,720,150

2. Táillí agus Costais Tionscadal

Faoin Acht um an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, (a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo), déantar táillí agus caiteachais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a fheidhmeanna maoinithe agus comhairleacha i ndáil le tionscadail infheistíochta phoiblí ar leith a chur de mhuirear ar an gcuntas caiteachais.

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Táillí comhairleachta	4,159,926	5,028,473
Táillí dlí	787,263	581,497
Costais tionscadail eile	6,275	89,780
	4,953,464	5,699,750

Tá anailís déanta ar na táillí comhairleachta tabhaithe don tréimhse mar seo a leanas:

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Teicniúil	3,561,743	4,764,281
Airgeadais	598,183	239,818
Eile	-	24,374
lomlán na dtáillí comhairliúcháin	4,159,926	5,028,473

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

2. Táillí agus Costais Tionscadail (ar lean)

Áirítear mar chomhairle teicniúil costais ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí cainníochta, comhairleoirí pleanála agus comhairleoirí teicniúla eile a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí “CPP” agus le Cláir Scoileanna Cineachta. Áirítear leo freisin costais a bhaineann le suirbhéanna topagrafacha, iniúchtaí talún, suirbhéanna seandálaíochta agus nithe gaolmhara. Tá na costais seo athíoctha ag na Ranna Urraithe cuí. Íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go díreach ar chostais teicniúla tabhaithe maidir le Tionscadail Sláinte CPP.

Áirítear mar chomhairle airgeadais costais comhairleoirí airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí maidir le measúnuithe tairiscintí, athbhreithniúcháin mhúnla airgeadais agus ullmhú tuarascálacha airgeadais don chlár Bóithre amháin. Anuas air sin, tá comhairleoirí gafa le comhairle árachais, comhairle cánach agus sainchomhairle airgeadais a sholáthar maidir le deireadh airgeadais do thionscadail ar fad i soláthar. Athíocann na Ranna Urraithe cuí ar na costais seo.

Leagtar amach eolas breise ar chionroinnt costais teicniúla tabhaithe thíos:

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Scoileanna CPP Schools (Grúpaí 3, 4 agus 5)	1,241,275	950,071
CPP Gráinseach Ghormáin	1,148,506	2,375,543
Scoileanna Déabhlóidithe (Neamh-CPP)	746,030	1,276,149
CPPanna Roinn Dlí agus Cirt	425,932	162,518
	3,561,743	4,764,281

3. Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Riaracháin

Ba é €21, 259 (2013: €20,400) an méid ba ghá chun costais riaracháin áirithe de chuid an NDFA a chlúdach, mar i nóta 4(a).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

4. (a) Costais Riaracháin

Tá costais riaracháin an NDFA leagtha amach ar bhonn fabhraithe:

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Táillí an Bhoird (Nóta 4(b))	13,459	12,600
Táillí Iniúchta	7,800	7,800
	21,259	20,400

Mar aon leis na costais thuas, b'é costais riaracháin tabhaithe ag an NDFA ná €9,000,122 (2013: €7,113,551). Tá na costais Gníomhaireachta seo, ag cuimsiú luach saothair na bPríomhoifigigh Feidhmeannach NDFA a dhéantar tagairt dó thíos, cuimsithe sna costais riaracháin na Gníomhaireachta agus tá siad gearrtha don Lárchiste. Ní iarann an Ghníomhaireacht aisiocaíocht ar na costais seo ó Údaráis Stáit.

Bhí costas iomlán na hoibríochta an NDFA sa tréimhse mar seo a leanas:

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 go 31 Nol 2013 €
Táillí agus costais tionscadail (Nóta 2)	4,953,464	5,699,750
Costas riaracháin an NDFA	21,259	20,400
Cuirtear táillí riaracháin agus costais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht de mhuirear ar an Lárchiste	9,000,122	7,113,551
	13,974,845	12,833,701

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

4. (a) Costais riaracháin (ar lean)

Tá miondealú ar chostais riaracháin agus costais íoctha ag an nGníomhaireacht agus gearrtha don Lárchiste maidir leis an tréimhse dár gcríoch 26 Eanáir 2015 mar seo a leanas:

	1 Ean 2014 go 26 Ean 2015 €	1 Ean 2013 to 31 Dec 2013 €
Costais Fostaíochta (ag cuimsiú cuid d'fheidhmeanna tacaíochta)	6,978,134	5,307,782
Táillí proifeisiúnta	159,047	215,211
Costais oibríochtúla (forchostais san áireamh)	1,862,941	1,590,558
	9,000,122	7,113,551

Tá na heilimintí seo a leanas san áireamh san anailís costais thuas:

- costais dhíreacha a thabhaigh an Gníomhaireacht maidir le foireann a sannadh don NDFA,
- forchostais indíreacha a leithdháileadh ar fheidhm an NDFA, agus
- an sciar iomchuí de chostais a bhain le feidhmeanna seirbhíse comhroinnte na Gníomhaireachta ag soláthar seirbhísí don NDFA (m.sh. Airgeadais, Teicneolaíocht, Riosca, Dlí, Comhlíonadh, Acmhainní Daonna, Áiseanna, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh srl).

(b) Luach Saothair agus Speansais

Tá luach saothair chomhaltaí an Bhoird ceaptha ag an Aire Airgeadais ar ráta €12,600 in aghaidh na bliana do gach comhalta Boird. San áireamh i luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird atá leagtha amach thuas tá an laghdú 10% ar tháillí ar aontaigh Boid leis ar iarratas ón Aire Airgeadais in 2009.

Ní fhaigheann an Príomhfheidhmeannach ná an Cathaoirleach aon luach saothair de bharr a bheith ina gcomhaltaí den Bhord. Ceapadh Robert Watt, ina cháil mar státseirbhíseach, agus ní bhfuair sé aon luach saothair de bharr a bheith ina chomhalta. Tharscaoil Gerry Murray a tháillí mar chomhalta den Bhord sa tréimhse.

Ní íocadh ar aon speansais bainteach le comhalta Boird sa tréimhse dár gcríoch 26 Eanáir 2015, agus maidir le 2013.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015:

Tuarastal:	€321,725
Sochair incháinithe:	€23,045

Níl aon teidlíochtaí pinsin ag an bPríomhfheidhmeannach seachas na teidlíochtaí caighdeánacha a bhaineann le scéim sochair shainithe aoisliúntais atá i samhail na hearnála poiblí.

Is í an Gníomhaireacht a shocraíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach an NTMA.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht suas le 60% den thuarastal bliantúil. Tharscaoil an Príomhfheidhmeannach aon chomhaoin i leith pá de réir feidhmíochta maidir leis an tréimhse airgeadais 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015, agus maidir le 2013.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

5. Féichiúnaithe

	26 Ean 2015 €	31 Nol 2013 €
Infhála ó Údaráis Stáit	967,755	1,369,942
Infhála ón bPríomh-Chiste (ní bhaineann le tionscadail)	51,780	37,073
	1,019,535	1,407,015

6. Creidiúnaithe

	26 Ean 2015 €	31 Nol 2013 €
Méideanna dlíte don Chiste Lárnach (agus a bhaineann le tionscadail) (Nóta 7(b))	1,053,574	1,078,416
Táillí comhairleachta agus dlí iníoctha	688,304	439,590
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla iníoctha	28,330	223,912
Costais Fhabhráithe	8,247	13,440
Cánacha Párolla iníoctha	1,924	1,512
	1,780,379	1,756,870

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

7. An Lárchiste

(a) Is ón Lárchiste a íostharraingítear Costais riaracháin an NDFA. Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe. Is mar seo a leanas a réitítear an Príomh-Chiste le hairgead tirim a íostharraingítear le haghaidh costas:

	26 Ean 2015 €	31 Nol 2013 €
Suimeanna íostharraingthe ón Lárchiste	6,552	6,521
Méadú i bhféichiúnaí Lárchiste	14,707	13,879
Costais riaracháin (neamh tionscadal-bainteach) (Nóta 4)	21,259	20,400

(b) Méideanna a tugadh ón Lárchiste chun íoc as táillí comhairliúcháin seachtracha agus as caiteachais a thabhaigh an NDFA i gcomhlíonadh a feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha i ndáil le maoiniú tionscadal infheistíochta poiblí ar leith. Déantar na táillí agus na costais sin a athéileamh ó Údaráis Stáit agus aisíoctar leis an Lárchiste ansin na méideanna a chuirtear ar fáil. Is mar seo a leanas a mhínítear an ghluaiseacht sna méideanna a cuireadh ar fáil don NDFA i rith na tréimhse:

	26 Ean 2015 €	31 Nol 2013 €
Dlite don Lárchiste ag tús na tréimhse	1,078,416	544,045
Curtha ar fáil le linn na tréimhse	4,535,332	5,034,371
Aisíoctha le linn na tréimhse	(4,560,174)	(4,500,000)
Dlite don Lárchiste (tionscadal bainteach) ag deireadh na tréimhse (Nóta 6)	1,053,574	1,078,416

Faoi fhorálacha an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasaithe), 2014 mar a thosaigh ag S.I. 22 de 2015, scaoileadh an NDFA ar 27 Eanáir 2015 agus aisghaireadh reachtaíocht NDFA. Ar an dáta sin, tugadh na feidhmeanna reachtúla bainteacha don Ghníomhaireacht agus aistríodh réadmhaoin, cearta agus dliteanais ar fad an NDFA don Ghníomhaireacht. Beidh suimeanna dlite don Lárchiste ag deireadh na tréimhse aisíoctha ag an nGníomhaireacht.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

8. Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais ar 26 Eanáir 2015.

9. Páirtithe Gaolmhara

An tAire Airgeadais

Maidir le gnáth-chomhaltaí Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, mar atá leagtha amach ar leathanach 3 ceapadh, ba é an tAire Airgeadais a cheap iad faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Faoi alt 7 den Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 féadfaidh an tAire a ráthú go n-aisíocfar iasachtaí na Gníomhaireachta nó d'aon chuideachta sainchuspóra a cheapann an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid gníomhaíochtaí. Níor tugadh aon ráthaíocht den sórt sin i rith na tréimhse.

An Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

De réir alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 (a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo) is trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a chuireann an NDFA a feidhmeanna i gcrích.

Faoi fhorálacha an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasaithe), 2014 mar a thosaigh ag S.I. 22 de 2015, scaoileadh an NDFA ar 27 Eanáir 2015 agus aisghaireadh reachtaíocht NDFA. Ar an dáta sin, tugadh na feidhmeanna reachtúla bainteacha don Gníomhaireacht agus aistríodh réadmhaoín, cearta agus dliteanais ar fad an NDFA don Gníomhaireacht. Leanfaidh feidhmeanna agus gníomhaíochtaí déanta ag an NDFA ar aghaidh faoin Gníomhaireacht.

10. Comhaltaí an Bhoird - Coinbhleacht Leasa

I gcásanna ina ndearbhaítear go bhfuil coinbhleacht leasa ag comhalta nó comhaltaí Boird, ní thabharfar doiciméid an Bhoird faoi na hidirbhearta molta don chomhalta nó do na comhaltaí sin, agus ní glacfadh an comhalta nó na comhaltaí sin páirt i ndíospóireachtaí an Bhoird maidir leis na cúrsaí sin agus ní bheidh sé, sí nó siad i láthair dóibh. Déantar gach cás den sórt sin a thaifeadadh i Miontuairiscí an Bhoird. Níor tharla aon ócáid le linn na tréimhse 1 Eanáir 2014 go 26 Eanáir 2015 inar ghabh comhaltaí a leithscéal maidir le gan dul go Cruinnithe Boird de bharr coinbhleachta leasa.

11. Teagmhas larchláir Chomhardaithe

I Márta 2015 cuireadh tús le himeachtaí dlí i gcoinne na Gníomhaireachta agus an tAire Odieachais agus Scileanna maidir le comórtas soláthair poiblí don tionscadal CPP ITBÁC Gráinseach Ghormáin. Tá an Gníomhaireacht agus an tAire ag cosaint ne himeachtaí.

12. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais ar 26 Bealtaine 2015





An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, Árasan Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire
Teil: 353 1 283 4000 Ríomhphost: info@ndfa.ie Suíomh Gréasáin: www.ndfa.ie